# Central Statistics Office
**An Phríomh-Oifig Staidrimh**

# Press Statement
**Preas Ráiteas**

## Daonáireamh 2002 – Imleabhar 4 – Gnátháit chónaithe, Imirce, Áiteanna Breithe agus Náisiúntacht

**Chaith duine as gach seisear cónaitheoirí sa tír seo seal thar lear**

Chaith duine as gach seisear, a bhfuil gnáthchónaí orthu sa tír seo, bliain nó níos mó thar lear, a deir tuairisc nua atá foilsithe inniu ag an bPríomh Oifig Staidrimh. Tá an t-eolas seo ar fáil i n*Daonáireamh 2002 – Imleabhar 4, Gnátháit chónaithe, Imirce, Áiteanna Breithe agus Náisiúntacht* a thugann tuilleadh torthaí ón daonáireamh a tógadh ar an 28 Aibreán, 2002.

Den 644,400 daoine a tháinig le cónaí anseo ar imirce fhadtéarmach ba imircigh Éireannacha a bhí ag filleadh iad 366,800 (57%) díobh agus rugadh thar lear an 277,600 eile; b'as an Ríocht Aontaithe a tháinig 375,000 (58%) díobh, agus ba sa tréimhse idir 1996-2002 a tháinig 252,000 (39%) díobh le cónaí anseo.

Bhí an céatadán b'airde daoine a bhí ina gcónaí thar lear ar feadh bliana nó níos mó sna contaetha seo a leanas Co Mhaigh Eo (22%), Co Dhún na nGall (21%), Co Liatroime (21%) agus Co na Gaillimhe (20%) – contaetha a bhí buailte go dona leis an eisimirce i dtréimhsí roimhe seo.

Léiríonn an tuairisc freisin gur tháinig 76,000 daoine isteach sa Stát sa 2 mhí déag roimh an daonáireamh. Rugadh dhá thrian díobh seo taobh amuigh den tír. Bhí beagainín sa bhreis ar 44% den 76,000 daoine a tháinig isteach sa Stát san aoisghrúpa 20-29 bliana d'aois, bhí beirt i ngach triúr singil, de réir na bhfigiúirí atá ar fáil i n*Daonáireamh 2002 - Imleabhar 4.*

Tá sé tugtha le fios freisin gur sa tír seo a rugadh 90% de na daoine ar fad a bhí ina gcónaí in Éirinn ag am an daonáirimh. Rugadh 183,000 daoine (nó 5% den daonra iomlán de 3.9 milliún) i Sasana agus sa Bhreatain Bheag agus rugadh 118,700 daoine eile (3%) taobh amuigh den AE.

**An céatadán is airde neamhnáisiúnaigh san aoisghrúpa 25-34**

Léirigh ceist nua a bhain le Náisiúntacht gur neamhnáisiúnaigh iad 5.8% de ghnáthchónaitheoirí an Stáit. Bhí na céatadáin b'airde neamhnáisiúnaigh i mBaile Átha Cliath (7.2%), i gCo an Chláir (6.9%) agus i gCiarraí (6.8%) agus bhí na céatadáin ba lú i gCo Uíbh Fhailí (3.6%) agus i gCo Laoise (3.8%). Bhí níos mó ná duine i ngach deichniúr san aoisghrúpa 25-34 bliana d'aois ina neamhnáisiúnaigh Éireannacha.

**Fanann formhór na ndaoine sa chontae inár rugadh iad**

Bhí 70% de ghnáthchónaitheoirí ina gcónaí sa chontae inár rugadh iad, agus bhí duine i ngach cúigear ina c(h)ónaí i gcontae seachas a c(h)ontae breithe. Den 337,000 daoine a d'athraigh seoladh sa 2 mhí déag roimh an daonáireamh, d'fhan 186,000 (55%) daoine taobh istigh den chontae céanna.

Tuilleadh /...

*Information Section*
*Central Statistics Office, Skehard Road, Cork*

Tel 021 453 5000
01 498 4000
Fax 021 453 5555
Website http://www.cso.ie
LoCall 1890 313 414
Email info@cso.ie

*Roinn Eolas*
*An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh*

Teil 021 453 5000
01 498 4000
Faics 021 453 5555
An Domhan http://www.cso.ie
GlaoÁitúil 1890 313 414
Ríomhphost info@cso.ie

**Nóta an eagarthóra**

Tá achoimre ar fáil san fhoilseachán *Daonáireamh 2002 – Príomhthorthaí Déimeagrafacha*, a foilsíodh ar an 19 Meitheamh 2003, ag leibhéal Stáit de na sonraí ó imleabhair 1-4, 8, 11 agus 12 de na mionthuairiscí daonáirimh. Tá figiúirí den chineál sin ag leibhéal sonraithe geografach ar fáil san fhoilseachán, Imleabhar 4, a cuireadh ar fáil inniu.

Tá na táblaí foilsithe atá ar fáil ó Dhaonáireamh 2002 curtha ar fáil ar shuíomh idirlín na POS (www.cso.ie). Tá táblaí a bhaineann leis na leibhéil seo a leanas ar fáil ar an suíomh idirlín amháin – Toghcheantar, Toghcheantar Áitiúil agus baile beag.

**Is féidir cóipeanna den fhoilseachán a fháil ach teagmháil a dhéanamh le:**

Príomhoifig Staidrimh, Rannóg an Eolais, Bóthar Skehard, Corcaigh

nó

Oifig Dhíolacháin Foilseachán an Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2

Praghas: €15.

Is féidir cóipeanna a íoschóipeáil freisin ó shuíomh idirlín an POS (féach thíos).

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ó:**

An Phríomhoifig Staidrimh, Bóthar Átha Fhirdhia, Rath Maonais, Baile Átha Cliath 6

Fiosrúcháin daonáirimh: (01) 498 4000 folíne 4284-4288
Facs: (01) 497 2360
Ríomh-phost: census@cso.ie
Idirlíon: http://www.cso.ie

*An Phríomhoifig Staidrimh* — *30 Deireadh Fómhair 2003*

**– CRÍOCH–**